Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
Cork Education and Training Board

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHORCAÍ

CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) agus a fhoireann tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil, ar bhealach éifeachtach agus cúirtéiseach dár gcustaiméirí go léir, de réir an *12 Prionsabal de Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do chliaint na Seirbhíse Poiblí*.

Tá sé mar aidhm againn é seo a dhéanamh ar an mbealach seo a leanas:

Nuair a thugann tú cuairt ar ár n-oifigí, cinnteoimid:-

- Caitear le cúirtéis leat
- Cinntíonn an creat dlíthiúil na cearta céanna córa comhionainne do gach duine a úsáideann ár seirbhísí
- Urramófar do phríobháideachas
- Déileálfar leat go héifeachtach agus go pras
- Déanfaimid iarracht a chinntiú go bhfuil ár bhfoirgnimh inrochtana
- Beidh ár bhfáiltiú, ár n-áiteanna feithimh agus ár seomraí agallaimh sábháilte agus glan
- Éascaíonn muid custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge

Faisnéis:-

- Cuirfimid eolas ar fáil faoinár seirbhísí, gníomhaíochtaí agus cláir dár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha araon.
- Cuirfimid faisnéis ar fáil atá soiléir, tráthúil agus cruinn agus a chomhlíonann riachtanais daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu
- Táimid tiomanta a chinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht chuí dóibh
- De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, beidh ár n-eolas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Faisnéis Phearsanta:-

- Caithfear le gach faisnéis phearsanta ar bhealach rúnda agus ní bhainfidh BOOC úsáid ach as an bhfaisnéis a bailíodh chun na gcríoch dár soláthraíodh í, i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Gearáin agus Achomhairc:-

- Coinneoidh BOO Chorcaí córas poiblíochta, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid chun déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus cinnteoidh sé go ndéileálfar lena leithéid de ghearáin ar bhealach comhsheasmhach agus cothrom
- Coinneoimid córas foirmiúil, poiblíochta, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid le haghaidh custaiméirí atá míshásta le cinntí maidir le seirbhísí.

Comhairliú agus Measúnacht

- Tá BOO Chorcaí tiomanta dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí, idir sheachtrach agus inmheánach, agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht ár seirbhísí ar bhonn rialta
- Déanfaimid feabhsuithe más gá agus nuair is gá